An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

# Ráiteas Straitéise
2019-2021

# Clár Ábhar


**1** Réamhrá 2

**2** Forbhreathnú Comhthéacsúil 4

**3** Fís, Misean agus Luachanna 7

**4** Tosaíochtaí Straitéiseachta agus Cuspóirí Straitéiseachta 9

**4.1 SP 1: Iontaoibh agus Muinín an Phobail as Carthanais a Neartú 10**

**4.2 SP 2: Rialáil atá Comhréireach agus Rioscabhunaithe a Dhéanamh agus Cosaint a Thabhairt 11**

**4.3 SP 3: Comhlíonadh a Chur Chun Cinn agus Caidreamh a Fheabhsú 12**

**4.4 SP 4: Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Soláthar Seirbhíse a Fheabhsú 13**

Aguisín: 14

Cuid 1 : An tÚdarás 14

Cuid 2 : An Coiste um Fheidhmíocht agus Pleanáil Acmhainní 14

# 1 Réamhrá

## Réamhrá ón gCathaoirleach



**Patrick Hopkins**
Cathaoirleach

**Tá an tÚdarás Rialála Carthanas ("an Rialálaí Carthanas") freagrach as gach carthanas a dhéanann gníomhaíochtaí in Éirinn a chlárú agus a rialáil.**

Bunaíodh an tÚdarás i mí Dheireadh Fómhair 2014, agus é de dhualgas air carthanais na hÉireann a rialáil de réir an Achta Carthanas 2009. Imríonn carthanais na hÉireann ról ríthábhachtach inár sochaí agus gníomhaíonn siad chun leas an phobail in Éirinn agus ar fud an domhain. Tá sé an-tábhachtach do charthanais go bhfuil iontaoibh agus muinín ag an bpobal astu toisc go gcruinníonn cuid mhór díobh airgead ón bpobal chun freastal ar chostas a n-oibre carthanúla.

Ba é an aidhm a bhí leis an gcéad Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2016 – 2018 ná sinn féin a bhunú agus acmhainní a leithdháileadh ar mhaithe lenár sainordú a chomhlíonadh. Baineadh na cuspóirí straitéiseacha a bhí mionsonraithe sa Ráiteas Straitéise sin amach a bhuí le hiarracht agus tiomantas ollmhór ar thaobh ár mball foirne agus a bhuí leis an tacaíocht an-ghníomhach a fuaireamar ónár máthair-ranna - an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Deireadh Fómhair 2014 – Iúil 2017) agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (ó mhí Iúil 2017 i leith).

Dírítear sa Dara Ráiteas Straitéise seo ar éachtaí na chéad straitéise a leabú agus ar fhorbairt a dhéanamh orthu. Gné lárnach de shainordú an Rialálaí Carthanas is ea iontaoibh agus muinín an phobail as carthanais a mhéadú trí rialáil a dhéanamh ar bhealach comhréireach éifeachtach. Agus an ról sin á chomhlíonadh againn, oibreoimid chun tacú le hiontaobhaithe carthanais a n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus déanfaimid bearta chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh nuair is gá. Maidir le dul i ngleic le neamhchomhlíonadh, tá an straitéis don tréimhse 2019 – 2021 bunaithe ar shamhail rioscabhunaithe um rialáil a thabhairt isteach agus ar a chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin dea-chleachtais ó thaobh rialachais de.

Thar an gcéad trí bliana eile, cuirfimid le héachtaí na chéad straitéise agus méadóimid an fhaisnéis atá ar fáil do dheontóirí, do thairbhithe agus don phobal i gcoitinne faoi charthanais chláraithe. Cabhróidh an obair sin le cuntasacht na hearnála carthanas a neartú agus beidh sí ina foinse luachmhar faisnéise do chomhlachtaí a chistíonn carthanais, do dheontóirí agus do thairbhithe. Féachfaimid freisin le feabhas a chur ar mhéid agus cáilíocht na treorach maidir le dea-chleachtas atá ar fáil do charthanais, agus béim ar leith á leagan againn ar an gCód Rialachais nua do Charthanais a leabú i ngach carthanas, bíodh siad mór nó beag.

Déanfar tuilleadh forbartha eagrúcháin ar an Rialálaí Carthanas thar an gcéad trí bliana eile de réir mar a leanaimid ag obair chun údarás rialála atá éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dúinn. Cé gur údarás neamhspleách é an Rialálaí Carthanas, tá ár mbaill foirne sannta dúinn faoi láthair ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, ár máthair-roinn. Le linn shaolré na straitéise seo, tá sé beartaithe neamhspleáchas corparáideach a bhaint amach don údarás agus baill foirne ag a bhfuil an saineolas a theastaíonn chun ár sainordú a chomhlíonadh a fhostú go díreach. Leanfaimid le caidreamh gníomhach a dhéanamh leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Bíonn an obair a dhéanaimid ag brath go mór ar a bheith ag leanúint le tacaíocht ghníomhach a fháil ónár leas-sealbhóirí, go háirithe iad sin san earnáil féin, agus le caidreamh gníomhach a dhéanamh leo. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár leas-sealbhóirí as an tacaíocht a thug siad dúinn thar na trí bliana seo a chuaigh thart agus táimid ag tnúth le caidreamh luachmhar a dhéanamh leo go léir de réir mar a tharraingímid ar thréimhse an Dara Ráiteas Straitéise uainn.



**Patrick Hopkins**
Cathaoirleach

# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach Eatramhach



**Helen Martin**
Príomhfheidhmeannach Eatramhach

**Tá feidhmeanna agus sainchúram foriomlán an Rialálaí Carthanas leagtha amach san Acht Carthanas 2009 agus sna hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973.**

Rinne an Rialálaí Carthanas dul chun cinn suntasach thar na trí bliana seo a chuaigh thart ar struchtúr eagrúcháin a chruthú a thacaíonn lenár sainordú reachtúil a chomhlíonadh. De réir mar a tharraingímid ar thréimhse an dara ráiteas straitéise uainn, áfach, is mórdhúshlán don Rialálaí Carthanas a bheidh i mbaill foirne rialála atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí acu a earcú agus a choinneáil. Beidh an plean straitéiseach foriomlán uainn don tréimhse 2019 – 2021 ag brath ar an dúshlán sin a shárú go rathúil agus ar bhealach a sholáthraíonn foireann chobhsaí a bhfuil taithí agus sách acmhainní aici.

Le linn thréimhse an chéad ráitis straitéise uainn, d'éirigh linn na nithe seo a leanas a dhéanamh a bhuí leis an mbuiséad méadaithe a bhí againn: an Clár Poiblí Carthanas a bhunú; ár nArdán TF nua a sheoladh; 'Treoirlínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal' a thabhairt isteach; an Cód Rialachais do Charthanais a sheoladh; agus taighde tábhachtach a fhoilsiú ar an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch atá ag carthanais in Éirinn. Rinneamar sraith treoirdhoiciméad maidir le raon topaicí difriúla a fhoilsiú d'iontaobhaithe carthanais freisin. Tá sé beartaithe againn obair i gcomhar lenár leas-sealbhóirí uile chun cur leis an obair sin thar an gcéad trí bliana eile. Déanfaimid é sin trí thuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár n-eagraíocht agus ar ár nArdán TF ar bhealach a thacaíonn le rialáil chomhréireach rioscabhunaithe, rud a rachaidh chun tairbhe do charthanais, do mhaoinitheoirí, do dheontóirí, do thairbhithe, d'oibrithe deonacha agus don phobal i gcoitinne.

Tá obair fós le déanamh, áfach, go háirithe maidir le carthanais a bheith trédhearcach agus cuntasach dá leas-sealbhóirí. Fianaise air sin is ea na cuntais ghiorraithe a fhaightear ó charthanais áirithe, ina dtugtar léargas fíorbheag ar airgeadas na n-eagraíochtaí lena mbaineann. Is eol dúinn gur féidir trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú go mór trí chur chun feidhme iomlán a dhéanamh ar na forálacha reachtúla a bhaineann le hullmhú cuntas ag carthanais agus le hiniúchadh agus athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh orthu. Le linn thréimhse an chéad ráitis straitéise uainn, chuireamar ar aghaidh na leasuithe reachtacha agus na dréachtrialacháin a theastaíonn chun cur chun feidhme iomlán a dhéanamh ar na forálacha den Acht Carthanas 2009 a bhaineann le ráitis airgeadais agus lena n-athbhreithniú. An cumas a bheidh againn an plean straitéiseach uainn don tréimhse 2019 – 2021 agus na spriocanna gaolmhara plean gnó bhliantúil a chomhlíonadh ina n-iomláine – go háirithe na spriocanna sin a bhaineann le rialáil rioscabhunaithe a dhéanamh agus lenár nArdán TF nua a chur i bhfeidhm – beidh sé ag brath ar an reachtaíocht riachtanach a achtú. Táim dóchasach, mar sin, go leanfaidh an Rialálaí Carthanas le tacaíocht a fháil ó na leas-sealbhóirí ábhartha uile ina leith sin.

Agus sinn ag tarraingt ar thréimhse an chéad Ráitis Straitéise eile uainn, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus tiomantas bhaill foirne an Rialálaí Carthanas agus gach duine a rinne caidreamh dearfach linn thar na trí bliana seo a chuaigh thart chun tacú le forbairt na heagraíochta. Táimse, agus tá baill foirne an Rialálaí Carthanas, ag tnúth le hobair lenár leas-sealbhóirí uile agus le bogadh níos gaire d'fhís an Rialálaí Carthanas a bhaint amach, is é sin: earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.



**Helen Martin**
Príomhfheidhmeannach Eatramhach

# 2 Forbhreathnú Comhthéacsúil

**Tá eagraíochtaí carthanúla (“carthanais”) ina gcuid bhunúsach den tsochaí agus cuireann siad mórleas pobail ar fáil ar roinnt bealaí difriúla.**

Tá earnáil carthanas éagsúil againn in Éirinn, áit a bhfuil beagnach 10,000 eagraíocht cláraithe mar charthanais. Áirítear leo eagraíochtaí de chineál seirbhíse poiblí – amhail mórospidéil, ollscoileanna agus seirbhísí rialtais – agus eagraíochtaí beaga, áitiúla agus pobalbhunaithe.

Faigheann carthanais tacaíocht ar a lán bealaí, lena n-áirítear trí obair dheonach, trí shíntiúis agus trí chistiú ón Stát. Beag beann ar an méid atá iontu, ní mór do charthanais a thaispeáint, ar bhealach oscailte trédhearcach, conas a chuireann siad cuspóirí carthanúla ar aghaidh agus a bhaineann siad leas pobail amach.

Chun go n-éireoidh le carthanais agus go leanfaidh siad le rannchuidiú leis na pobail ina n-oibríonn siad, tá sé ríthábhachtach go mbeadh iontaoibh agus muinín ag an bpobal as an earnáil. Creimeadh na leibhéil iontaoibhe agus mhuiníne atá ag daoine as carthanais le blianta beaga anuas, áfach, agus bíonn tuilleadh scrúdú poiblí á dhéanamh i gcónaí ar chleachtais rialachais agus ar chleachtais chruinnithe airgid dá bharr sin.

Ó bunaíodh sinn sa bhliain 2014, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Rialálaí Carthanas ar charthanais a rialáil agus ar shócmhainní carthanúla a chosaint. Tá roinnt feidhmeanna againn faoin Acht Carthanas 2009, amhail an Clár Carthanas a chothabháil, a chinntiú go gcomhlíonfaidh carthanais na ceanglais dhlíthiúla atá orthu, a chinntiú go gcomhlíonfar an tAcht Carthanas 2009 i gcoitinne, fiosrúcháin agus imscrúduithe a sheoladh ar ghnóthaí carthanas, agus treoir agus cóid eile a eisiúint chuig carthanais agus chuig iontaobhaithe carthanais. Déileálaimid freisin le hiarratais a dhéanann carthanais faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, lena n-áirítear iarratais cy-près agus iarratais ar údarú chun tailte carthanais a dhiúscairt i gcás nach bhforáiltear dó sin i ndoiciméad rialaithe an charthanais.

Leis an gcéad Ráiteas Straitéise uainn, tacaíodh le bunú an Rialálaí Carthanas agus treoraíodh sinn trínár mblianta múnlaitheacha. Caitheadh méid suntasach ama le linn na tréimhse sin ar an gClár Poiblí Carthanas a fhorbairt agus a chomhdhlúthú. I dteannta an Clár a bhunú, tugtar san amlíne sa ghrafaic seo a leanas forbhreathnú ar na príomhchlocha míle eile a baineadh amach ónár mbunú.

## Amlíne agus forbhreathnú lena gcumhdaítear na príomhchlocha míle eile a baineadh amach ó bhunú an Údaráis Rialála Carthanas.

**2014**

- Bunaíodh an Rialálaí Carthanas
- Cuireadh Clár Carthanas ar bun

**2016**

- Tosaíodh Cuid 4 den Acht Carthanas 2009
- Foilsíodh an chéad Ráiteas Straitéise


**2017**

- Rinneadh an chéad ionchúiseamh rathúil i leith sárú ar an Acht Carthanas
- Forchuireadh smachtbhannaí láithreacha ar charthanas den chéad uair riamh
- Foilsíodh na chéad treoirdhoiciméid d'iontaobhaithe carthanais
- Foilsíodh an chéad tuarascáil cigire ar ghnóthaí carthanais
- Reáchtáladh imeachtaí mar chuid den chéad seachtain náisiúnta iontaobhaithe carthanais
- Aistríodh feidhmeanna an Rialálaí Carthanas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

**2018**

- Seoladh ardán digiteach an Rialálaí Carthanas
- Coimisiúnaíodh agus foilsíodh tuarascáil taighde ó Indecon ar an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch atá ag carthanais chláraithe na hÉireann
- Foilsíodh tuilleadh treoirdhoiciméad do charthanais
- Reáchtáladh imeachtaí do charthanais nuachláraithe agus don tseachtain bhliantúil iontaobhaithe carthanais
- Seoladh an Cód Rialachais do Charthanais
- Foilsíodh tuilleadh tuarascálacha cigire ar na gníomhaíochtaí de chuid dhá charthanas

# Leas-sealbhóirí príomha an Rialálaí Carthanas




Agus an Dara Ráiteas Straitéise á fhorbairt againn, chuamar i gcomhairle le leas-sealbhóirí, rinneamar caidreamh lenár bpiaraí idirnáisiúnta agus chuireamar taighde agus anailís neamhspleách i gcrích. Tá roinnt dár leas-sealbhóirí príomha le feiceáil sa léaráid thuas, áit a léirítear na réimsí leathana éagsúla óna dtagann siad.

Pléadh raon leathan roghanna straitéiseacha le linn an phróisis phleanála straitéisí. Agus sinn ina rialálaí a bhfuil acmhainní teoranta aige, ba ghá dúinn breithniú a dhéanamh ar na roghanna uile a sainaithníodh agus iad a chur in ord tosaíochta ar mhaithe lenár sainordú reachtúil a chomhlíonadh ar bhealach cothromaithe comhréireach.

Leagtar treochlár uaillmhianach don chéad trí bliana eile síos sa Dara Ráiteas Straitéise uainn, rud lena gcuirtear leis an dul chun cinn suntasach a rinne an Rialálaí Carthanas thar na trí bliana seo a chuaigh thart. Déanfar athruithe ar ár n-oibríochtaí chun neamhspleáchas corparáideach a bhaint amach agus chun bogadh i dtreo samhail rioscabhunaithe um rialáil, ar samhail í atá comhréireach agus ina ndírítear ar dhochar a shainaithint agus a chosc go réamhghníomhach nuair is féidir.

Is é an aidhm atá leis an obair sin go n-aithneofar sinn mar rialálaí a bhfuil muinín ag carthanais agus ag an bpobal as agus a ghníomhaíonn ar bhealach cothrom, comhréireach agus trédhearcach. Beag beann ar an ról atá againn mar rialálaí, taispeántar sa straitéis uainn an tiomantas atá againn do rath carthanas a chur chun cinn agus d’earnáil carthanas atá inbhuanaithe, nuálach agus beoga a chothú.

Beidh ról ríthábhachtach ag ár mbaill foirne maidir leis an straitéis a bhaint amach. Bhí acmhainní teoranta againn le linn thréimhse an chéad Ráitis Straitéise uainn. Má táimid chun ár misean agus, ar deireadh, ár bhfís a bhaint amach, is gá dúinn baill foirne a bhfuil scileanna cuí acu a earcú, a oiliúint agus a choinneáil agus an méid sin ar fad a dhéanamh ar bhealach oscailte trédhearcach. Mar sin, beidh sé an-deacair dúinn ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach thar thréimhse an dara ráiteas straitéise uainn mura bhfuil acmhainní dóthanacha agus sách neamhspleáchais againn i réimse na hearcaíochta agus an imlonnaithe.

Thar shaolré an phlean seo, leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar an dóigh a n-oibrímid chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid ár sainordú reachtúil ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

# 3 Fís, Misean agus Luachanna

**Tá ár bhfís, ár misean agus ár luachanna mar bhonn agus thaca ag ár gcuid gníomhartha agus caidrimh agus treoraíonn siad iompraíocht ár mball foirne agus ár bhfoirne araon.**

## Ár bhFís

***Earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil***

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

## Ár Misean

***An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas***

# Ár Luachanna

## NEAMHSPLEÁCHAS

Déanaimid cinntí go neamhspleách agus chun leas an phobail. Seasaimid lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí agus glacaimid freagracht astu.

## COMHRÉIREACHT

Aithnímid an éagsúlacht ó thaobh méide agus acmhainne de atá ann i measc na n-eagraíochtaí a ndéanaimid rialáil orthu. Déanaimid rialáil ar bhealach comhréireach agus dírímid na hacmhainní atá ar fáil dúinn ar na réimsí ina bhfuil an tionchar is mó acu agus lena mbaineann an riosca is mó.

## COTHROIME

Oibrímid go cothrom agus go neamhchlaon agus le hionracas. Cuirimid ár nósanna imeachta i bhfeidhm go comhsheasmhach agus tugaimid údar lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí.

## TRÉDHEARCACHT

Oibrímid ar bhealach oscailte trédhearcach. Bíonn ár ngníomhartha agus ár gcinntí bunaithe ar fhianaise. Cuirimid faisnéis ábhartha ar fáil faoin dóigh a n-oibrímid agus faoin earnáil a ndéanaimid rialáil uirthi.

## CAIDREAMH

Déanaimid cumarsáid lenár leas-sealbhóirí agus éistimid leo. Féachaimid le saincheisteanna rialála a chuireann imní orthu a réamh-mheas agus le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Glacaimid cur chuige comhoibríoch a mhéid is féidir.

# 4 Tosaíochtaí Straitéiseacha agus Cuspóirí Straitéiseacha

**Shainaithin an Rialálaí Carthanas ceithre thosaíocht straitéiseacha, mar atá leagtha amach thíos:**

| | |
|---|---|
| TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1 | Iontaoibh agus Muinín an Phobail as Carthanais a Neartú |
| TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2 | Rialáil atá Comhréireach agus Rioscabhunaithe a Dhéanamh agus Cosaint a Thabhairt |
| TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3 | Comhlíonadh a Chur Chun Cinn agus Caidreamh a Fheabhsú |
| TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4 | Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Soláthar Seirbhíse a Fheabhsú |

Is é a ghabhann leis na ceithre thosaíocht straitéiseacha atá leagtha amach thuas ná 16 chuspóir a threoróidh gníomhaíochtaí an Rialálaí Carthanas thar an tréimhse 2019 – 2021. Beidh na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo mar bhonn do na Pleananna Gnó bliantúla uainn, ina mionsonraítear na gníomhartha sonracha a theastaíonn chun ár bhfís a bhaint amach ar bhealach cothromaithe comhréireach.

# TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1



## Iontaoibh agus Muinín an Phobail as Carthanais a Neartú

Tacóidh na cuspóirí seo a leanas leis an tosaíocht seo a bhaint amach. Déanfaimid na nithe seo a leanas:

**1.1** A chinntiú go gcuirfear faisnéis atá iontaofa agus cothrom le dáta ar fáil ar an gClár Poiblí Carthanas chun go mbeidh maoinitheoirí, deontóirí, tairbhithe, oibrithe deonacha agus daoine den phobal in ann iad féin a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí agus stádas carthanas;

**1.2** Taighde a shainaithint agus a choimisiúnú ar shaincheisteanna a bhaineann le rialáil carthanas chun a chinntiú go mbeidh ár mbeartais agus ár ngníomhaíochtaí rialála bunaithe ar shonraí, ar shaineolas agus ar thaithí;

**1.3** Cuntasacht a fheabhsú agus dea-rialachas ó thaobh rialú agus bainistíocht oibríochtaí de a chur chun cinn laistigh de charthanais trí dhul i mbun gníomhaíochtaí cuí oiliúna, faireacháin agus comhlíonta a bhuntacaíonn leis an gCód Rialachais do Charthanais;

**1.4** Obair i gcomhar le leas-sealbhóirí chun tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla.

### TORADH

**Féachfar ar an earnáil carthanas mar earnáil atá dea-reáchtáilte agus dea-rialáilte agus ina bhfuil córas cuí srianta agus ceartúcháin i bhfeidhm agus beidh muinín ag daoine as an earnáil nuair a bhíonn siad ag tabhairt síntiúis di agus nuair a bhíonn siad ag soláthar agus ag fáil seirbhísí, ag déanamh obair dheonach agus ag obair inti.**

# TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2



## Rialáil atá Comhréireach agus Rioscabhunaithe a Dhéanamh agus Cosaint a Thabhairt

Tacóidh na cuspóirí seo a leanas leis an tosaíocht seo a bhaint amach. Déanfaimid na nithe seo a leanas:

**2.1** Rialáil a dhéanamh ar bhealach atá ag teacht le luachanna an Rialálaí Carthanas agus a chinntíonn go gcloítear le próisis chinnteoireachta atá láidir agus a fhéadann scrúdú seachtrach a sheasamh;

**2.2** Cur chuige faireacháin réamhghníomhaigh a chur chun feidhme chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh carthanais chláraithe na dualgais dhlíthiúla atá orthu agus gníomh a dhéanamh chun sócmhainní carthanúla a chosaint nuair is cuí;

**2.3** Cur chuige rioscabhunaithe a fhorbairt i leith rialáil, áit a n-úsáidtear sonraí agus táscairí chun rioscaí a shainaithint agus a réamh-mheas agus a ndírítear na hacmhainní atá ar fáil ar na réimsí lena mbaineann na rioscaí is mó ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar an leibhéal dochair a dhéanfaidh siad nó ar an dóchúlacht go ndéanfaidh siad dochar;

**2.4** Ár gcumhachtaí rialála a fheidhmiú ar bhealach comhréireach trédhearcach chun nithe a fhiosrú agus a imscrúdú ar bhealach tráthúil agus chun carthanais a choimeád cuntasach.

### TORADH

**Bunaithe ar mheasúnú spriocdhírithe a dhéanamh ar rioscaí suntasacha trí úsáid a bhaint as na sonraí atá ar fáil, neartófar an earnáil carthanas trí dhochar nó dochar féideartha a shainaithint go luath agus trí dhul i mbun idirghabháil agus caidreamh réamhghníomhach le carthanais.**

# TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3



## Comhlíonadh a Chur Chun Cinn agus Caidreamh a Fheabhsú

Tacóidh na cuspóirí seo a leanas leis an tosaíocht seo a bhaint amach. Déanfaimid na nithe seo a leanas:

**3.1** Faisnéis, comhairle agus treoir a sholáthar, lena dtugtar do charthanais an t-eolas agus na huirlisí a theastaíonn uathu chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh;

**3.2** Leanúint ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim, le rialálaithe eile agus le leas-sealbhóirí chun dúbláil neamhriachtanach a sheachaint i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le carthanais agus chun leibhéil chomhair riaracháin a mhéadú ar mhaithe leis an ualach riaracháin ar charthanais a mhaolú nuair is féidir;

**3.3** Feasacht a mhéadú i measc carthanas ar shineirgí féideartha lena gcuirtear úsáid éifeachtach acmhainní carthanais chun cinn;

**3.4** Caidreamh réamhghníomhach a dhéanamh lenár leas-sealbhóirí agus feabhas a chur ar ár láithreacht ar líne chun seirbhísí níos sorochtana agus níos soláimhsithe a sholáthar do chách.

### TORADH

**Beidh dóthain faisnéise, tuisceana agus caidrimh ann i measc carthanas, deontóirí, maoinitheoirí, tairbhithe, oibrithe deonacha agus an phobail ar a n-oibleagáidí, rud a éascóidh comhlíonadh deonach oibleagáidí rialála agus a mhéadóidh an leibhéal caidrimh réamhghníomhaigh atá ann idir carthanais agus a leas-sealbhóirí.**

# TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4

## Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Soláthar Seirbhíse a Fheabhsú

Tacóidh na cuspóirí seo a leanas leis an tosaíocht seo a bhaint amach. Déanfaimid na nithe seo a leanas:

**4.1** Obair i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun struchtúir rialachais inmheánaigh a fheabhsú agus chun an Rialálaí Carthanas a chumasú neamhspleáchas corparáideach a bhaint amach thar shaolré na straitéise seo;

**4.2** A chinntiú go mbeidh ag an Rialálaí Carthanas baill foirne atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí agus scileanna cuí acu;

**4.3** Éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú agus acmhainní a imscaradh ar aon dul le tosaíochtaí rialála chun go mbeidh an tionchar is mó is féidir acu agus chun cur leis an leibhéal foriomlán seirbhíse a sholáthraíonn an Rialálaí Carthanas;

**4.4** Straitéis cumarsáide a fhorbairt lena gcothófar feasacht níos fearr ar an Rialálaí Carthanas agus lena gcuirfear teachtaireachtaí comhsheasmhacha spriocdhírithe in iúl faoin eagraíocht agus faoina gníomhaíochtaí.

### TORADH

**Beidh neamhspleáchas corparáideach ag an Rialálaí Carthanas agus beidh aige an t-eolas, an saineolas agus na hacmhainní eagraíochtúla a theastaíonn uaidh chun a shainordú reachtúil a bhaint amach ar bhealach éifeachtach éifeachtúil agus le tuiscint agus tacaíocht leathan a leas-sealbhóirí.**

# Aguisín:
# Cuid 1 : An tÚdarás

**Bhí an tÚdarás Rialála Carthanas comhdhéanta den deichniúr comhaltaí seo a leanas amhail mí na Nollag 2018.**

| |
|---|
| Patrick Hopkins *(Cathaoirleach)* |
| David Brady |
| Katie Cadden |
| Tom Costello |
| Patricia Cronin |
| Fergus Finlay |
| Graham Richards |
| Máire McMahon |
| Niamh Cahill |
| Ercus Stewart |

# Cuid 2 : An Coiste um Fheidhmíocht agus Pleanáil Acmhainní

Agus an Ráiteas Straitéise seo á fhorbairt, fuarthas tacaíocht ó fhochoiste de chuid an Údaráis Rialála Carthanas, ba é sin, an Coiste um Fheidhmíocht agus Pleanáil Acmhainní.

**Bhí an Coiste um Fheidhmíocht agus Pleanáil Acmhainní comhdhéanta den cheathrar comhaltaí seo a leanas amhail mí na Nollag 2018.**

| |
|---|
| Patrick Hopkins |
| Tom Costello |
| Patricia Cronin |
| Fergus Finlay |

# Nótaí

# Nótaí

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Uimhir Thagartha an Doiciméid: SE STR 5.1 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0
Teileafón: 01 633 1500

**www.charitiesregulator.ie**

© An Rialálaí Carthanas 2019